AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE

# SE7

## *Oifig chláraithe de chuid an SE a aistriú ó Poblacht na hÉireann*

Airteagal 8 de Rialachán 2157/2001 ón gComhairle
Rialacháin 7 agus 11 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Eorpach atá Teoranta ó thaobh Dliteanais) 2007

Uimhir na Cuideachta

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

Stampa dáta faighe CRO & barcode

**Comhlánaigh le do thoil trí úsáid a bhaint as clóscríobh dubh nó as BLOCLITREACHA, agus déan tagairt do na nótaí íniúcháin**

**Ainm SE reatha**

*ina iomláine/ nóta a haon*

**Sonraí an aistrithe**

Ainm SE atá beartaithe
*más infheidhme*

Seoladh na hoifige cláraithe atá beartaithe

An Ballstát a bhfuil an SE ag aistriú chuige

Ainm agus seoladh na clárlainne

**Doiciméid atá ceangailte**

*nóta a dó*

**Dearbhaigh le do thoil go bhfuil gach ceann de na doiciméid seo a leanas i gceangal leis an bhfoirm seo:**

- ☐ Cóip den rún ón gcruinniú ginearálta ag ceadú an SE a aistriú
- ☐ Foirm SE8 – Ráiteas sócmhainneachta
- ☐ Cóip de ráitis airgeadais ar leithligh na cuideachta arna ndréachtú de réir Chaibidil 4 de Chuid 6 d'Acht na gCuideachtaí 2014, mar aon le cóip de thuarascáil na n-iniúchóirí, ar chóir di a bheith neamhcháilithe, ar gach ráiteas airgeadais ar leithligh agus tuarascáil na stiúrthóirí a ghabhann le gach ráiteas ar leithligh díobh sin. Ní mór na ráitis airgeadais ar leithligh a ullmhú cothrom le dáta nach luaithe ná dhá mhí roimh dháta an iarratais seo

**Mionsonraí an deontóra**

*nóta a trí*

Duine lenar féidir fiosruithe a dhéanamh

| | | |
|---|---|---|
| Ainm | | |
| Seoladh | | |
| | | |
| Uimhir teileafóin | | Uimhir faics |
| Ríomhphost | | Teagmhálaí |
| Uimhir/Malartán DX | | Uimhir thagartha |

**Dearbhú**

**Dearbhaím**
*ainm i gcló trom*

**den**
*seoladh cónaitheach*

**go sollúnta agus go fíreanta gur**

1. De bhun Airteagal 8(2) de Rialachán 2157/2001/CE ón gComhairle (an "Rialachán"), dréachtaíodh togra le haghaidh aistriú agus rinneadh é a phoibliú de bhun Airteagal 13 den Rialachán.

2. De bhun Airteagal 8(3) den Rialachán dréachtaíodh tuarascáil ina mínítear gnéithe dlíthiúla agus geilleagracha an aistrithe agus ina dtugtar údar maith leo agus ina mínítear impleachtaí an aistrithe do scairshealbhóirí, creidiúnaithe agus fostaithe, ar an

   Lá | Mí | Bliain

3. Cuireadh in iúl do scairshealbhóirí agus creidiúnaithe an SE réamhluaite de réir Rialachán 11(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Eorpach atá Teoranta ó thaobh Dliteanais) 2007 faoin gceart scrúdaithe agus faoin gceart chun cóipeanna a fháil den togra le haghaidh aistriú agus an tuarascáil

4. De bhun Airteagal 8(4) den Rialachán, ar a laghad mí amháin roimh an gcruinniú ginearálta ar iarradh air cinneadh a dhéanamh faoin aistriú, bhí scairshealbhóirí agus creidiúnaithe an SE réamhluaite in ann cóipeanna den togra le haghaidh aistriú agus den tuarascáil a dréachtaíodh a iniúchadh agus cóipeanna díobh a fháil.

5. Chomhlíon sonraisc, orduithe le haghaidh earraí agus litreacha gnó an SE réamhluaite ceanglais Rialachán 11(2) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cuideachta Phoiblí Eorpach atá Teoranta ó thaobh Dliteanais) 2007.

6. Cheadaigh an cruinniú ginearálta den SE réamhluaite an togra le haghaidh aistriú ar an

   Lá | Mí | Bliain

   agus rinneadh an cinneadh sin de bhun Airteagal 59 den Rialachán

7. I gcás na ráiteas airgeadais ar leithligh, tuarascáil na n-iniúchóirí ar gach ráiteas airgeadais ar leithligh agus tuarascáil na stiúrthóirí a ghabhann le gach ráiteas díobh sin a ghabhann leis an bhfoirm seo, is cóipeanna dílse den doiciméad sin iad.

8. Níor tionscnaíodh aon imeachtaí foirceanta, leachtaithe, dócmhainneachta nó fionraí íocaíochtaí nó imeachtaí eile dá leithéid i gcoinne an SE réamhluaite.

9. Is ceart iad na sonraí atá san fhoirm seo agus tugadh iad de réir na Nótaí um Fhoirm SE7 a Chomhlánú.

Sínithe

Dáta

☐ Stiúrthóir ☐ Rúnaí *nóta a dó*

**Dearbhú dlíodóra**

**Déanaim**
*ainm i gcló trom*

**den**
*seoladh*

**an dearbhú seo i ndáil leis an aistriú ó Phoblacht na hÉireann atá beartaithe i dtaobh oifig chláraithe an SE réamhluaite agus deimhním go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh:**

1. Is dlíodóir mé atá i dteideal gabháil do mo chuid gníomhaíochtaí gairmiúla faoi cheann de na hainmníochtaí atá leagtha síos i dTreoir 77/249 /CEE ón gComhairle nó i dTreoir 98/5/CE ón gComhairle.

2. Seachas eisiúint an deimhnithe de bhun Airteagal 8(8) de Rialachán 2157/2001/CE ón gComhairle, tá gach ceann de na gníomhartha agus na foirmiúlachtaí agus na coinníollacha a cheanglaítear le hAirteagal 8 a chur i gcrích roimh aistriú an SE réamhluaite amach as Poblacht na hÉireann tugtha chun críche de réir na gceanglas atá in Airteagal 8 nó dá dtagraítear ansin.

Sínithe

Dáta

## NÓTAÍ COMHLÁNÚCHÁIN FHOIRM SE7
**Ba chóir na nótaí seo a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht ábhartha.**

***Ginearálta*** Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú i gceart, ina hiomláine agus de réir na nótaí seo a leanas. Ní mór gach mír den fhoirm a chomhlánú. Cuir isteach 'Ní bhaineann le hábhar', 'níl' nó 'níl aon cheann' nuair is cuí sin. I gcásanna a bhfuil ˜/__ priontáilte, cuir isteach/scrios de réir mar is cuí.

Sa chás go bhfuil /_ i gceist, tabhair an t-airgeadra ábhartha, sa chás nach euro atá i gceist. Má mheastar nach leor an spás atá ar fáil ar Fhoirm SE7, ba chóir an fhaisnéis a thabhairt ar bhileog leantach san fhormáid chéanna agus atá sa mhír ábhartha den fhoirm. Má bhaintear úsáid as bileog leantach, ní mór é sin a chur in iúl sa mhír ábhartha.

Is Stát LEE ann ná Stát atá páirt á ghlacadh aige i gComhaontú an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch, a síníodh in Oporto an 2 Bealtaine 1992, arna coigeartú ag an bPrótacal a síníodh sa Bhruiséil an 17 Márta 1993, agus aon leasuithe ina dhiaidh sin.

***nóta a haon*** Ní mór an t-ainm SE reatha a thabhairt ina iomláine agus ní mór gurb ionann é go beacht agus an taifead CRO.

***nóta a dó*** Cuir tic sa bhosca/sna boscaí iomchuí

***nóta a trí*** Bíonn ar an duine a thugann an Fhoirm SE7 go dtí an CRO an mír seo a chomhlíonadh. Is féidir leis an iarrthóir é seo a dhéanamh nó is féidir le duine eile é seo a dhéanamh ar a s(h)on.

**Tuilleadh faisnéise**

**Seoladh CRO** Oifig Poiblí: Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agus sínithe agat, seol ar aghaidh í le do thoil leis an táille forordaithe chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí ag:

**Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.**

**Íocaíocht** Má bhíonn tú ag íoc le seic, ordú poist nó dréacht bainc, íoc an táille leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí. Caithfidh seiceanna nó dréachtaí bainc a bheith ag teacht ó bhanc i bPoblacht na hÉireann.

**Déan staidéar le do thoil ar na nótaí míniúcháin ar an gcéad leathanach eile. Foirm SE7 nach bhfuil críochnaithe i gceart nó nach bhfuil na cáipéisí nó na táillí cearta ag dul leis cuirfidh an CRO ar ais í chuig an té a sheol í.**

**TÁ FAISNÉIS BHREISE MAIDIR LE FOIRM SE7 A CHRÍOCHNÚ, LENA N-ÁIRÍTEAR AN TÁILLE FHORORDAITHE, A FHÁIL FÉACH www.cro.ie**
**NÓ AR RÍOMHPPHOST info@cro.ie**